WiFi4EU: Cuideachtaí Suiteála Wi-Fi

Is éard atá in WiFi4EU tionscnamh lena gcuirfear ar fáil na mílte ball te Wi-Fi a fhéadfar a úsáid saor in aisce, i spásanna poiblí i bpobail ar fud na hEorpa. Is cuideachta suiteála Wi-Fi thú, agus is mian leat tuilleadh eolais a chur ar WiFi4EU agus ar a shonraíochtaí teicniúla. Léigh leat.

Cad é WiFi4EU agus conas a fheidhmíonn sé?

Is éard atá in WiFi4EU tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh lena gcuirfear ar fáil dearbháin dar luach €15,000 do na mílte bardas ar fud na hEorpa chun costas trealaimh pointí rochtana Wi-Fi agus suiteáil an trealaimh sin a chlúdach. Is iad na tairbhithe a roghnóidh na 'hionaid ina gcruinníonn an pobal' ina suiteálfar na baill the WiFi4EU. Suiteálfar na baill the Wi-Fi i spásanna poiblí laistigh agus lasmuigh (e.g. halla an bhaile, ionad sláinte, sráid coisithe), spásanna nach bhfuil aon líonra Wi-Fi saor in aisce den saghas céanna ann cheana.

Scéim maoiniúcháin shimplithe is ea é a bhfuil gné úrnua inti, is é sin go soláthraítear dearbháin do na bardais agus go n-aistríonn na bardais na dearbháin sin chuig na cuideachtaí a dhéanfaidh cúram de shuiteáil na mball te Wi-Fi.

Tá lánchéad ag bardais a fhaigheann dearbhán a dtionscadail suiteála Wi-Fi áitiúla a cheapadh agus a sholáthar i gcomhréir leis na rialacha soláthair is infheidhme. Is féidir leo úsáid a bhaint as an liosta de na cuideachtaí suiteála Wi-Fi cláraithe atá ag feidhmiú ina gceantar geografach féin.

Clárú ar an tairseach

Ón uair a bheidh iarratas ar dhearbhán déanta i gceart ag bardas, tá 18 mí aige chun deimhin a dhéanamh de go suiteáiltear an ball te WiFi4EU. Seolfaidh an bardas nós imeachta soláthair chun

cuideachta suiteála Wi-Fi a roghnú. Más cuideachta suiteála Wi-Fi thú, caithfidh tú clárú ar líne ar an tairseach chun an íocaíocht a fháil, íocaíocht arb ionann a luach agus luach an dearbháin a thug an Coimisiún Eorpach.

Conas clárú mar chuideachta suiteála Wi-Fi

Tá roinn ar leith ar an tairseach inar féidir le cuideachtaí suiteála WiFi clárú. Caithfear na sonraí seo a leanas a thabhairt:

- Eolas faoin gcuideachta
- Eolas faoin limistéar geografach (na tíortha nó na limistéir laistigh den tír) ina bhfuil an chuideachta ag feidhmiú
- Eolas faoin teagmhálaí

Gabh chuig tairseach WiFi4EU

Chun luach an dearbháin a fhuascailt, is éigean don chuideachta suiteála Wi-Fi clárú ar an tairseach.

Sonraíochtaí teicniúla

Tá sonraíochtaí teicniúla na líonraí WiFi4EU leagtha amach i gCeist Choitianta 27, agus tá tuilleadh eolais i dtaobh na sonraíochtaí sin i gcoinníollacha an ghlao agus sa chomhaontú deontais samplach. Leagtar síos sna sonraíochtaí sin an t-íoslíon pointí rochtana laistigh agus lasmuigh is gá a sholáthar, mar aon le hacmhainn theicniúil gach ceann díobh. Tá tuilleadh eolais faoi na sonraíochtaí teicniúla le fáil i bpointe 6.2.2 den ghlao.

An dóigh a ndéanfar an íocaíocht

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach luach an dearbháin, is é sin €15,000, a íoc leis an gcuideachta suiteála agus déanfaidh sé sin laistigh de 60 lá. Is le haistriú bainc a dhéanfar an íocaíocht, ar dheimhniú a fháil don Choimisiún go bhfuil an ball te ag feidhmiú. Níl ach aon dóigh amháin ann ag an gcuideachta suiteála agus ag an mbardas fógra a thabhairt go bhfuil an líonra Wi-Fi suiteáilte agus ag feidhmiú, is é sin an méid sin a fhógairt tríd an tairseach. Nuair an bheidh an scéala deimhnithe ag an gCoimisiún, íocfaidh sé luach an dearbháin leis an gcuideachta suiteála. Íocfaidh an bardas leis an gcuideachta suiteála aon suim atá fós gan íoc i ndiaidh luach an dearbháin a bheith íoctha.

Déan teagmháil linn

WiFi4EU Portal

WiFi4EU Community

FAQ: WiFi4EU

Follow the latest progress and learn more about getting involved.

Follow the Commission's work on connectivity @connectivityEU

An scéala is déanaí

PRESS RELEASE | 15 May 2019
WiFi4EU: Commission unveils final results of the second call for applications

The European Commission announced the results of the second WiFi4EU call for proposals, which ran from 4 to 5 April. 3,400 municipalities will receive vouchers each worth €15,000 to cover the cost of

installing Wi-Fi hotspots in public spaces, including town halls, public libraries, museums, public parks or squares. The total budget for this call was €51 million and applications came from all the countries taking part in the programme, namely EU Member States, Iceland and Norway.

PRESS RELEASE | 20 March 2018
WiFi4EU: Questions and Answers

Who will benefit from the WiFi4EU programme?
How to apply for WiFi4EU? Are there any specific conditions for the projects?
What is the budget of WiFi4EU?

PRESS RELEASE | 20 March 2018
WiFi4EU: registration opens for EU financing of free wireless internet hotspots in public spaces

The European Commission has launched the WiFi4EU web portal. As of now, municipalities all over Europe are invited to register their details ahead of the first call for projects in mid-May, for the chance to benefit from EU financing to build free public wireless internet hotspots.

PRESS RELEASE | 02 June 2017
WiFi4EU initiative: how will it work?

The European Parliament, the Council and the Commission reached a political agreement on the WiFi4EU initiative and its funding on 29 May 2017.

Browse WIFI4EU

Related Content

Big Picture

WiFi4EU | Wi-Fi in aisce do mhuintir na hEorpa

Is é is aidhm don tionscnamh WiFi4EU rochtain saor in aisce ar Wi-Fi a thabhairt do shaoránaigh i spásanna poiblí, e.g. páirceanna, cearnóga, foirgnimh poiblí, leabharlanna, ionaid sláinte agus músaeim i mbardais ar fud na hEorpa.

See Also

WiFi4EU: Saoránaigh

Is gearr an mhoill go mbeidh na saoránaigh agus cuairteoirí ar an mbardas laistigh den Aontas Eorpach, go mbeidh nasc Wi-Fi saor in aisce acu i spásanna poiblí a bhuí le WiFi4EU. Is féidir le do bhardas-sa dearbhán a iarraidh chun costais shuiteáil an Wi-Fi a iarraidh, a bhuí...

Wifi4EU: Bardais

Más bardas thú atá laistigh den Aontas Eorpach, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar dhearbhán faoi WiFi4EU. Is fiú €15,000 gach dearbhán agus úsáidtear iad chun nasc Wi-Fi saor in aisce a sholáthar do phobal an bhardais.

Source URL: *https://digital-strategy.ec.europa.eu/activities/wifi4eu-cuideachtai-suiteala-wi-fi*